Deontas na gCóras Cóireála Fuíolluisce Tí faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta

Foirm Éilimh Íocaíochta DWWTS NIP (a) 2026

Comhairle Chontae na Mí

Teach Buvinda

Bóthar Átha Cliath

An Uaimh

Chontae na Mí

C15 Y291

046-9097000

environment@meathcoco.ie

Leagan (Meán Fomhair 2026)

FOIRM DWWTS NIP (a) 2026

FOIRM ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHT DEONTAIS

Oibreacha chun Córas Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTS) a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar, a bhaineann le cigireacht faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta.

- Léigh na nótaí faisnéise sula gcomhlánóidh tú an fhoirm éilimh.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní phróiseálfar foirmeacha nach bhfuil líonta go hiomlán nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí curtha ar fáil in éineacht leo.
- NÍOR cheart tús a chur le hobair sula n-eisíonn an t-údarás áitiúil faomhadh an iarratais deontais i scríbhinn. Ba cheart don údarás áitiúil a leithéid sin de chigireachtaí nó seiceálacha eile a dhéanamh a mheasann sé a bheith oiriúnach sula bhfaomhtar an t-iarratas. Níl oibreacha ar cuireadh tús leo sula bhfuarthas faomhadh i scríbhinn incháilithe chun cúnamh deontais a fháil.
- Nuair a bhíonn an t-iarratas faofa agus na hoibreacha curtha i gcrích, féadfaidh an t-údarás áitiúil cigireachtaí nó seiceálacha eile den chineál sin a dhéanamh, de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach, sula bhfaomhfar éileamh ar íocaíocht.
- Riarann údaráis áitiúla an scéim deontais. Ba cheart aon cheist a chur faoi bhráid an Oifigigh Idirchaidrimh Uisce Tuaithe san údarás áitiúil.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chabhróidh le daoine iad a líonadh más gá.
- Maidir le hiarratasóir a bhfuil deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna á bhfáil acu ó Roinn Rialtais nó ó Údarás Poiblí, ar mó a luach iomlán ná €10,000 i rith na bliana, beidh Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosrú riachtanach a dhéanamh chun eolas a fhíorú nó chun críche soiléirithe i ndáil le doiciméid tacaíochta a cuireadh ar fáil le hiarratas deontais. Ní fhaomhfar deontas i gcás iarratais ina bhfuil faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach.

1. Sonraí an Iarratasóra	
Ainm an iarratasóra (i mBLOCLITREACHA):	
Seoladh (suíomh na DWWTS): ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir theileafóin:	
Seoladh ríomhphoist:	
Asphrionta imréiteach ríomhchánach:	Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil deontais faighte agat le 12 mhí anuas ó aon chomhlacht eile de chuid na hearnála poiblí? Má tá, tabhair sonraí le do thoil: • méid: • dáta íoctha:	Tá ☐ Níl ☐ €
2. Sonraí an DWWTS	
An dáta a rinneadh an chigireacht:	
Uimhir thagartha an Fhógra Chomhairligh:	
Dáta an údaráis áitiúil Fógra Comhlíontachta:	
3. Cur síos ginearálta agus costas na n-oibreacha a rinneadh (ní mór admhálacha measta a sholáthar nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe):	
4. Íocaíochtaí roimhe seo	
Ar íocadh aon deontas i leith na maoine seo le 7 mbliana anuas? Má tá, tabhair sonraí le do thoil: • méid: • dáta íoctha:	Tá ☐ Níl ☐ €
5. Sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí (ní mór asphrionta Ríomh-Imréitigh Cánach a sholáthar do gach conraitheoir)	
Conraitheoir 1	**Conraitheoir 2 (más infheidhme)**
Ainm an chonraitheora:	Ainm an chonraitheora:
Seoladh an chonraitheora: ÉIRCHÓD:	Seoladh an chonraitheora: ÉIRCHÓD:

6. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm éilimh ar íocaíocht deontais ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-éileamh seo a chealú mar thoradh ar aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí

Síniú an éilitheora: _____

Dáta: _____